Coláiste Ghobnait
Inis Oírr



Polasaí Tréadchúram
2026/2027

Glactha leis ag an mBord Bainistíocht ar an 04/12/2024
Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR) ar an 10/12/2024

Ullmhaíodh an Beartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an Bord Bainistíochta agus an BOOGR

BAINEANN AN POLASAÍ SEO LE:

Daltaí, foireann na scoile, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin.

RÁITEAS MISIN

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil agus culturtha a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht thaitneamhach shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d'fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

FÍS NA SCOILE

"Ag fás is ag foghlaim le chéile go díograiseach agus go dúthrachtach trí mheán na Gaeilge, ina dtugtar tús áite do chothromaíocht, meas folláine agus ionracas, le spiorad an chomhoibrithe i measc pobal uile na scoile."

ÉITEAS



Réasúnaíocht

Tá sé mar phrionsabal lárnach ag Coláiste Ghobnait go dtacódh gach ball de phobal na scoile lena chéile i dtimpeallacht ina mbíonn meas ag chuile dhuine ar a chéile. Baineann an prionsabal seo le chuile dhalta agus le chuile bhall foirne. Is é aidhm an pholasaí seo ná ceannaireacht agus comhpháirtíocht éifeachtach agus comhbhách a chothú i measc gach ball de phobal na scoile. Tríd an gcur chuige comhpháirtíochta seo is féidir caidrimh láidre a chruthú bunaithe ar mheas, ar thuiscint agus ar sprioc chomónta, sin pobal scoile comhtháite, le go n-aireoidh baill uile an phobail sin gur féidir leo a gcumas iomlán a bhaint amach. Láidríonn ár bpolasaí tréadchúraim ár gcur chuige iomlánaíoch i leith taithí oideachais na ndaoine óga faoinár gcúram. Féachann an polasaí lena chinntiú go bhfuil tacaíocht leanúnach ann do na daoine óga faoinár gcúram.

Creat Reachtach

Mar chrann taca ag an bpolasaí tá an reachtaíocht ábhartha oideachais agus an taighde oideachais chuí. Áirítear anseo:

- An tAcht Oideachais, 1998
- An tAcht Oideachais (Leas) 2000
- Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais 2004
- An tAcht um Stádas Comhionann, 2004
- An tAcht Míchumais, 2005
- Tús Áite do Leanaí 2011
- Gnásanna um Chosaint Leanaí
- Gnásanna Frithbhulaíochta 2013
- Folláine i Scoileanna Iarbhunscoile 2013
- Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

An Fhoireann Tréadchúraim

Ar an bhfoireann Tréadchúraim tá:

Príomhoide
Príomhoide Tánaisteach
Múinteoir OSPS – Rebecca Ní Chríocháin agus Sorcha Ní Fhlatharta
Treoirchomhairleoir – Cormac Ó Cadhain
Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta – Cathal Ó Conghaile
Comhordaitheoir an Idirbhliain – Barry Geraghty

Aidhmeanna

Trínár bpolasaí tréadchúraim féachann muid le:

- Atmaisféar a chruthú agus a choinneáil ina mothaíonn chuile bhall den phobal scoile go n-aithnítear iad, go bhfuil siad sábháilte agus sásta, go bhfuil meas orthu agus suim iontu.
- Ár gCód Iompair a fheidhmiú a thógann tuairimí chuile bhall den phobal scoile san áireamh.
- Na caighdeáin is airde oiliúna agus foghlama a choinneáil.
- Atmaisféar muiníne a fhorbairt.
- Déileáil go báúil le ceisteanna, eagla agus imní ár ndaltaí.
- Sláinte agus folláine fhisiciúil, intinne agus mothúchánach na ndaltaí a chur chun cinn trí theagasc ‘Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte’ agus ábhair eile.
- Timpeallacht a chruthú ina mbíonn meas ar éagsúlacht agus aitheantas á thabhairt d’iarracht, inar léir cothromaíocht agus tuiscint agus ina n-airíonn daoine go bhfuileadar féin luachmhar.

- An scil agus cumas a theastaíonn ó dhaltaí a thabhairt dóibh, le déileáil le dúshláin a bhféadfaidís teacht trasna orthu agus iad ag fás suas.
- Teacht a bheith ag chuile dhalta ar churaclam leathan agus cothrom.
- Na daltaí a réiteach do dheiseanna, do dhualgais agus scileanna shaol an duine fásta.

Tá sé tábhachtach go mbeadh caidreamh maith idir daltaí agus lucht foirne ar mhaithe le hatmaisféar dearfach a chruthú sa bpobal scoile le go n-aireodh gach duine go bhfuil meas orthu agus cúram á dhéanamh dóibh i gcónaí. Cruthófar caidreamh maith idir:

- Foireann agus Daltaí
- Daltaí agus a gComhaoiseacha
- Baill Foirne
- Foireann na scoile agus Tuismitheoirí

Dualgais agus Róil Thréadacha

Creideann Coláiste Ghobnait, má ghlactar cur chuige iomlánaíoch i leith tréadchúram, gurb é an bealach is éifeachtaí é le cinntiú go ndéileáiltear, go mbainistítear agus go mbíonn meas ar riachtanais chuile bhall den phobal scoile. Tá ról tábhachtach ag chuile bhall den phobal anseo agus thíos. Tugtar cuntas gearr ar roinnt de na príomhdhualgais a théann le gach ról:

Ról an Bhoird Bainistíochta

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as a chinntiú:

- Go bhfuil Polasaí Tréadchúraim ag Coláiste Ghobnait.
- Go ndéantar athbhreithniú rialta ar an bpolasaí.
- Go dtugtar tacaíocht do chuile thionscnamh tréadchúraim sa scoil.
- Go mbíonn deis ag na baill ionchur a bheith acu i bhforbairt an pholasaí.
- Go gcuirtear an polasaí ar fáil do chuile bhall de phobal na scoile.

Ról an Phríomhoide agus an Phríomhoide Thánaistigh

Caithfidh an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach an phríomhpháirt a ghlacadh i dtréadchúram na ndaltaí. Is é a bpríomhdhualgas ná leas na ndaltaí faoi chúram na scoile a chinntiú. Tugann bainistíocht shinsearach na scoile faoin bhfeidhm seo ar roinnt bealaí:

- Cinntíonn go bhfeileann na cláir agus an curaclam atá á thairiscint do na daltaí a gcuid riachtanas agus go dtugann sé deis dóibh forbairt chuig a gcumas iomlán.
- Cinntíonn go bhfuil struchtúir leagtha síos a thacaíonn le riachtanais thréadacha na ndaltaí.
- Cruthaíonn agus cothaíonn cultúr agus atmaisféar measa i measc chuile bhall de phobal na scoile a thugann deis do na daltaí a gcumas iomlán a fhorbairt.
- Tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach an lucht foirne ar mhaithe le riachtanais na ndaltaí faoinár gcúram a bhainistiú.
- Tacú leis an lucht foirne ina ndéileáil le riachtanais na ndaltaí.
- Comhordaíonn cur chuige sa scoil uilig i leith tréadchúram.
- Gníomhaíonn i dtréadchúram na ndaltaí uilig agus déileálann freisin le riachtanais na ndaltaí sin a dteastaíonn tacaíochtaí breise uathu.
- Tacaíonn le Tuismitheoirí/Caomhnóirí le forbairt iomlánaíoch a bpáistí.
- Éascaíonn ionchur ó ghníomhaireachtaí seachtracha i leith forbairt na ndaltaí atá inár gcúram.
- An Bord Bainistíochta ar an eolas maidir le ceisteanna ábhartha.

Mar phobal scoile, tá ról lárnach againn uilig maidir le freastal ar riachtanais na ndaoine óga faoinár gcúram a bhféadfadh deacrachtaí foghlama ginearálta nó ar leith a bheith acu. Bíonn na riachtanais seo sách casta

go minic agus d'fhéadfadh go mbeadh níos leithne ná nithe acadúla agus go n-áireodh réimse leathan riachtanas cónasctha idir riachtanais shóisialta, mothúchánacha, iompraíochta agus síceolaíochta. Caithfidh an Príomhoide, An Príomhoide Tánaisteach agus na múinteoirí uilig a chinntiú:

- Go mbíonn pleananna agus straitéis foghlama cuí leagtha síos mar idirghabhálacha spriocdhírithe le freastal ar riachtanais na ndaltaí.
- Go mbíonn siad i dteagmháil leis an lucht foirne uilig maidir leis na daltaí faoina gcúram.
- Go mbíonn siad i dteagmháil le tuismitheoirí na ndaltaí le fonn freastal ar a gcuid riachtanas iomlán ag áireamh riachtanais thréadacha.
- Déanann an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach iarracht aithne phearsanta a chur ar na daltaí sa scoil ionas go mbíonn daltaí ar a gcompord ag teacht chucu le rudaí a phlé leo. Cinntíonn siad go bhfuil na struchtúir agus acmhainní ar fáil don tréadchúram sa scoil agus go bhfuil an polasaí á chur i bhfeidhm.
- Cuireann siad eolas ar fáil don fhoireann ag cruinnithe foirne de réir mar is gá agus go discréideach. Spreagann siad daltaí le páirt a ghlacadh in imeachtaí seach-churaclaim.

Ról an Mhúinteora Ábhair

Tá freagracht ar na múinteoirí uilig as tréadchúram na ndaltaí sa scoil. Idir na cláir éagsúla curaclaim, comhchuraclaim agus seach-churaclaim tugann siad fúthu seo i measc rudaí eile:

- Bíonn suim ar leith ag an Múinteoir Ábhair ina rang féin agus i leas gach dalta ar leith sa rang sin.
- Bíonn teacht ag an Múinteoir Ábhair ar eolas ábhartha faoina daltaí ina rang. Mar an gcéanna, roinneann an Múinteoir Ranga eolas mar is cuí le baill ábhartha den lucht foirne.
- Oibreoidh an Múinteoir Ábhair go dlúth le múinteoirí eile, leis an bPríomhoide Tánaisteach agus leis an bPríomhoide ar fheidhmiú an Chóid Iompraíochta. Cinnteoidh sí/sé go gcoinníonn gach dalta sa rang a nDialann obair bhaile mar is cuí.
- Cuideoidh an Múinteoir Ábhair le comhlíonadh leis an gCód Iompraíochta a chur chun cinn trí dhearbhú dearfach. Cuideoidh sé/sí le muinín agus féinmheas na ndaltaí a fhorbairt trí nótaí dearfacha agus cuidiúla a chur i ndialanna scoile na ndaltaí agus ar Tyro.
- Bíonn teagmháil rialta ag an Múinteoir Ábhair le gach dalta agus mar sin tá seans maith acu aon riachtanas tréadach a bheadh ag na daltaí a thabhairt faoi deara.
- Tá ról tábhachtach freisin ag an Múinteoir Ábhair ag tabhairt dea-shampla in iompraíocht chuí, i gcruthú atmaisféar cóimheasa agus ag cothú caidrimh dhearfacha.Tá ról luachmhar freisin ag an Múinteoir Ábhair ó thaobh féinmheas a chur chun cinn agus muinín a chothú.
- Tá ról tábhachtach ag an Múinteoir Ranga ó thaobh príomhluachanna a chur ina luí ar na daltaí agus insint dóibh faoin méid atáthar ag súil leis uathu ó thaobh iompar, eitic oibre agus dul chun cinn.
- Dea-spiorad ranga a chothú i ngach dalta, m.sh. cárta a chur ag duine tinn srl.
- Comhfhreagracht a spreagadh iontu mar ghrúpa ranga.
- Suim a chur i ngach dalta ar leith, déileáil go mór mór le riachtanais daltaí leochaileacha.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn acadúil na ndaltaí agus ar aon dul chun cinn eile.
- Coinneáil leis an gCód Iompraíochta.
- Seiceálacha rialta a dhéanamh ar éide scoile/dialanna scoile.
- Cinntiú go socraíonn na daltaí nua síos, sna chéad seachtainí go mór mór.
- A bheith i dteagmháil leis an lucht foirne.
- Cuidiú le daltaí cinntí eolacha a dhéanamh faoi cheisteanna ó thaobh rud 'ceart' agus 'mícheart'.
- A chinntiú go gcoinnítear an seomra ranga glan.
- Súil a choinneáil ar dhul chun cinn na ndaltaí.
- Fógraí cuí a thabhairt don rang.
- Aitheantas a thabhairt do dhea-iarrachtaí na ndaltaí. É seo le cuir ar Tyro.
- Daltaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh in imeachtaí scoile.
- Labhairt leis an rang faoi thromaíocht.

- Súil a choinneáil ar dhaltaí a bhíonn déanach go rialta nó as láthair.

Ról an Mhúinteora Bliana (Féach Aguisín 2)

Bíonn múinteoir bliana ag gach rang ó Bhliain 1 go Bliain 6. Déantar iarracht a chinntiú go múineann an múinteoir bliana an rang seo ionas go mbeidh an deis ag an múinteoir aithne mhaith a chur ar an rang, gaol maith a fhorbairt leis na daltaí agus fadhbanna a thabhairt faoi deara. Má bhíonn fadhb ag dalta féach Córas Cumarsáide na Scoile.

- Bheith mar dhuine teangmhála don bhliain ghrúpa
- Cumarsáid le tuismitheoirí (glaonna fóin, rphoist srl.)
- Roinnt eolais leis an bhfoireann agus bainistíocht na scoile maidir leis an mbliain ghrúpa.
- Eolas a chur ar Tyro – sláinte, ginearálta
- Glaoch le cur ar an tuismitheoir de réir mar is gá.
- Monatóireacht ar na pointí ar Tyro – gníomh más gá.
- Meabhrú do scoláirí Uasghrádú a dhéanamh ar na ríomhairí.

Foirm iarratais seiceáil le haghaidh eolas sláinte & Riachtanais Breise.

Modh dhá chumarsáide le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn agus cúram tréadach na scoláirí.

Monatóireacht acadúla

- Spriocanna a leagan amach do scrúduithe Seachtain 10, 20 agus 30.
- Ansin, athbhreithniú ar na torthaí agus gníomhú mar is gá.
- Staidéar a dhéanamh ar thuairscí Tyro.
- Spriocanna monatóireacht le líonadh tar éis Seachtain 10, 20 agus 30
- Pointí CAO le déanamh le scoláirí bliain 5&6 tar éis scrúduithe Seachtain 10, 20 agus 30.
- Nasc leis an gcomhordaitheoir R.S. de réir mar is gá.
- Nasc leis an gCoiste Tréadach de réir mar is gá.

Tinreamh (Polasaí tinrimh)

- Monatóireacht ar an tinrimh – scoláire as láthair ar feadh cúpla lá (féach polasaí) – glaoch abhaile.
- Cinntiú go bhfuil taifead á dhéanadh ar seo sa dialann scoile.

Dialann Scoile

- Seiceáil ar a laghad uair sa mí/téarma agus le síniú ag an múinteoir ranga.

Ionduchtú tús na bliana (Féach lth eolais maidir leis an ionduchtú)

Taisceadán le seiceáil uair gach téarma

Eachtaí/Cómortais

- Eolas le seoladh chuig eolas.gobnait@gretb.ie maidir le comórtais agus srl atá scoláirí páirteach ann i saol na scoile agus taobh amuigh do shaol na scoile.

Cód Iompar

- Má theastaíonn coiste iompar a eagrú is é freagracht an múinteoir bliana é sin a éagrú.

Má bhíonn scoláire ar chárta tuairisce beidh ar an múinteoir bliana an cárta a thabhairt amach agus a chinntiú go bhfuil sé comhlíonta i gceart. Tá taifead a dhéanamh ar NOTES i Tyro má bhí scoláire ar chárta tuairisce. Ba cheart go mbeadh dátaí leis seo.

Cá dtéann tú, má tá fadhb/imní/ceist agat/*Where do you go if you have a problem/you are worried/you have a question*:

- Dul chun cinn **acadúil** in **ábhar áirithe** nó cur chuige teagaisc agus foghlama san ábhar sin/***Academic*** *progression in* ***certain subjects*** *or the approach to teaching and learning in that subject:*



- Dul chun cinn **acadúil go ginearálta,** nach mbaineann le hábhair amháin ar leith/*General academic progression that is not confined to one subject in particular*:



- Dul chun cinn go ginearálta**,** maidir le gnéithe seachas gnéithe acadúla (sóisialta, bulaíocht, fadhb phearsanta, fadhb sláinte, fadhb bhaile)/*General progression regarding non-academic aspects (social, bullying, personal problems, health problems, home problems)*:



Ról an Chúntóra Riachtanas Speisialta (féach Polasaí Riachtanas Speisialta)

Tugann ár scoil aitheantas do ról ár CRS i bhfreastal ar riachtanais thréadacha ár ndaltaí, go mór mór daltaí le riachtanais bhreise oideachais. Ár gCúntóirí Riachtanas Speisialta:

- Sa scoil bainistíonn ár CRS an meascán casta riachtanas a bhíonn ag roinnt dár ndaltaí le riachtanais speisialta oideachais.
- Comhoibriú leis an bhfoireann teagaisc le cinntiú go bhfuileadar ar an eolas faoi aon riachtanas a bheadh ag teacht chun cinn.
- Oibriú i bpáirt le múinteoirí le cinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais na ndaltaí.

- Tacú le daltaí i leith riachtanais a thagann chun cinn nó riachtanais leanúnacha.
- Oibriú leis an gComhordaitheoir Riachtanas Speisialta Oideachais agus leis an Múinteoir Ranga ábhartha ar athbhreithniú agus ar bhainistiú riachtanas na ndaltaí.
- Folláine na ndaltaí a bhíonn faoina gcúram chun cinn.

Ról na Foirne Neamhtheagaisc

Bíonn páirt thábhachtach i mbainistiú riachtanas tréadach na ndaltaí faoinár gcúram ag ár bhfoireann neamhtheagaisc le linn a n-idirghníomhaíochtaí laethúla. Bíonn deis mhaith acu aon cheo a thitfeadh amach a d'fhéadfadh cur as d'fholláine na ndaltaí a bhrath. Cuireann siad chun cinn mothú pobail na scoile agus sa mbealach seo, cuireann siad le folláine ginearálta phobal na scoile. Cuireann siad aon imní a bhíonn orthu faoi leas na ndaltaí in iúl don Fhoireann Tréadchúraim.

Ról an Tuismitheora

Aithníonn agus fáiltíonn Coláiste Ghobnait roimh ról an tuismitheora maidir le freastal ar riachtanais a bpáistí. Is féidir le tuismitheoirí ról gníomhach a bheith acu i dtréadchúram sa scoil ar na bealaí seo:

- Suim ghníomhach a ghlacadh i ngach gné d'oideachas a bpáistí óna bhforbairt acadúil agus intleachta go dtí a bhforbairt shóisialta, fisiceach, pearsanta, morálta agus spioradálta.
- A bheith i gcumarsáid rialta le múinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta, múinteoir bliana agus bainistíocht na scoile faoi dhul chun cinn agus riachtanais a bpáistí agus go mór mór trí thaifead agus monatóireacht a dhéanamh ar na nótaí i ndialann scoile a bpáistí.
- Freastal go rialta ar chruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí.
- Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta le freastal ar riachtanais a bpáistí.
- Spreagadh a thabhairt dá bpáistí a bheith páirteach chomh mór agus is féidir leo i ngach gné de shaol na scoile ionas go bhforbróidh a bpáistí ina ndaoine cumasacha agus go mbainfidh siad sásamh as a gcuid ama ag an scoil.
- Tinreamh.
- Cloí leis an bpolasaí.
- Bí eolach ar Chóras Cumarsáide na Scoile

Ról an Dalta

Tá ról an-tábhachtach ag ár ndaltaí ar ndóigh ina bhforbairt thréadach féin. Tá go leor gnéithe éagsúla sa ról seo:

- Meas a bheith acu ar gach ball eile den phobal scoile, ina measc, na daltaí eile, na múinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta agus an lucht foirne.
- Comhoibriú leis an lucht foirne a bhíonn ag iarraidh freastal ar a riachtanais thréadacha.
- Páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile le fonn taithí oideachais níos suntasaí agus níos iomláine a fháil.
- Féachaint teacht suas le deiseanna dá bhforbairt féin laistigh den scoil.
- Freagracht a ghlacadh as a bhfoghlaim agus as a bhforbairt mar dhaoine óga ar leith.
- Aitheantas a thabhairt do chearta na ndaltaí eile ar fad foghlaim i dtimpeallacht dhearfach ina leagtar luach ar agus ina gcothaítear an fhoghlaim agus gníomhú dá réir seo trí iompraíocht fhreagrach.
- Aon riachtanas a bheadh acu a chur in iúl don bhall cuí den lucht foirne.
- Tacaíocht a thabhairt do dhaltaí eile a mbeadh riachtanais ar leith acu.
- Aon iompraíocht a bheadh díobhálach dóibh féin nó do dhaltaí eile a thuairisciú ag áireamh tromaíocht nó aon imní eile faoi shláinte a gcomhdhaltaí.
- Tá dualgas ar na daltaí féachaint le timpeallacht shábháilte agus dearfach a chruthú a chuireann chun cinn forás agus forbairt foghlama agus folláine.

Ról Chomhairle na nDaltaí/Córas Meantóir (féach Aguisín 3)

Tá ról tábhachtach ag Comhairle na nDaltaí i dtréadchúram sa scoil:

- Bíonn an Chomhairle gníomhach ag teacht suas le deiseanna leis an scoil a fhorbairt ar son leas chuile bhall den phobal scoile agus sa tslí seo freastal ar riachtanais an phobail sin.
- Gníomhaíonn an Chomhairle mar thacadóir do na daltaí ag cinntiú go ndéileálann an pobal scoile le ceisteanna agus imní a chuireann as go díreach dár ndaltaí.
- Cuireann an Chomhairle líonra tacaíochta ar fáil do na daltaí ar fad le go gcloisfear glór chuile dhalta.
- Oibríonn an Chomhairle le bainistíocht na scoile ar cheisteanna a chuireann as dár ndaltaí
- Bíonn dearcadh agus iompraíocht dhearfach mhuinineach á léiriú ag an gComhairle agus cumasaíonn sé sin daltaí eile i bhforbairt den sórt céanna.
- Tá sé mar fhreagracht ar Chomhairle na nDaltaí aon chúis imní a chuirtear faoina mbráid faoi dhaltaí eile a chur in iúl do bhall den fhoireann teagaisc.

Tacaíochtaí Tréadacha

Tá roinnt tacaíochtaí tréadacha ag Coláiste Ghobnait mar chúnamh le déanamh cinnte de go mbíonn saol scoile sláintiúil agus sásúil ag na daltaí. Cuirtear go leor acu seo ar fáil do na daltaí uilig sa scoil agus cuirtear roinnt acu ar fáil de réir riachtanas ar leith na ndaltaí.

Tacaíochtaí sa Scoil Uilig

Tionól na Maidine: Bíonn Tionól na Maidine ann idir 8.50 agus 9.00 r.n. nuair a chasann an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach/Múinteoirí le Poist Freagracht leis na daltaí. Tugann sé seo deis labhairt leis na daltaí ar fad le chéile agus cuirtear na daltaí ar a suaimhneas freisin go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh.

Múinteoir Bliana: Is nasc láidir an Múinteoir Bliana sa réimse maidir le tacaíocht thréadach dár ndaltaí.

Spórt: Tá ról riachtanach ag an spórt sa scoil agus tá sé lárnach ó thaobh taithí oideachais iomlán agus sásúil dár ndaltaí. Bíonn dhá rang sa tseachtain ag na daltaí ar fad. I gColáiste Ghobnait, tacaíonn muid le cur chun cinn na folláine agus an spóirt i measc phobal an oileáin, mar shampla cuireadh Ióga ar fáil roimhe seo mar chuid d'fholláine agus d'aireachasú na ndaltaí.

Folláine:

- Baineann folláine le gach rang/ábhar agus le gach bliain sa scoil.
- Tá dualgas ar gach múinteoir cinntiú go bhfuil gach scoláire ag foghlaim i ngach ábhar/imeacht scoile in atmaisféar atá folláin. Mar sin, tá sé fíorthábhachtach go mbeadh gach múinteoir ar an eolas faoin bpolasaí seo agus go bhfuil an polasaí á chur i bhfeidhm.
- Sa tSraith Shóisearach tá an fholláine luaite mar cheann den ocht bpríomhphrionsabail
- Tá sé luaite go sonrach leis na ranganna Corpoideachais, Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus leis na ráitis fhoghlama 5, 7, 10, 11, 12 agus 13.
- Bíonn rang dúbailte cluichí (80 nóiméid) gach seachtain ag gach scoláire sa scoil, ranganna OSSP ag Bliain 1,2 &3 agus OSPS ag Bliain 1, 2, 3 agus rang amháin OCG ag 4, 5 & 6.

OSPS: Déileálann an t-ábhar seo go díreach le riachtanais thréadacha na ndaltaí trí mhodúil cosúil le forbairt phearsanta, OCG agus Ag Fanacht Sláintiúil. Féachann Coláiste Ghobnait le clár oideachais a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais gach dalta. Déanann muid iarracht i gColáiste Ghobnait réimse d'ábhair éagsúla a chur ar fáil leis an oiread rogha agus is féidir.

OSSP: Cabhraíonn an t-ábhar 'Oideachas Saoránach, Sóisialta & Polaitiúil' le forbairt go leor gnéithe éagsúla den duine agus réitíonn iad do shaoránacht ghníomhach agus freagrach sa tsochaí. Déileáiltear ann le ceisteanna ar nós cearta agus freagrachtaí chomh maith le dínit dhaonna agus spiorad pobail – luachanna iad seo uilig a théann le forbairt thréadach na ndaltaí.

Ionduchtú: Tá Clár Ionduchtúcháin ag an scoil don dream a bhíonn le tosaí sa gcéad bhliain leis an aistriú ón mBunscoil go Coláiste Ghobnait a dhéanamh níos fusa dóibh. Tugtar cuireadh dóibh teacht agus breathnú ar an scoil agus casadh leis an lucht teagaisc. Tuigeann gach baill foirne gur am deacair é seo do na daltaí agus iad ag aistriú isteach chuig timpeallacht nua scoile. Tá foireann na scoile agus Tuismitheoirí/Caomhnóirí freagrach as cúram agus tacaíocht bhreise a thabhairt do na daltaí ina gcéad bhliain agus a bheith ar fáil dóibh i gcónaí.

Cuirtear ionduchtú ar fáil do gach scoláire ag tús an scoilbhliain.

Polasaí agus Gnásanna Frithbhulaíochta: Tá gnásanna frithbhulaíochta leagtha síos ag an scoil a chloíonn go hiomlán leis na Gnásanna Náisiúnta.

Gníomhaíochtaí Seach-Churaclaim & Comhchuraclaim: Tugann Coláiste Ghobnait deis do na daltaí ar fad páirt a ghlacadh i réimse leathan gníomhaíochtaí a thabharfaidh seans dóibh forbairt ar go leor bealaí éagsúla.

Gradaim Bhliantúla Bronnadh Duaiseanna: Tá roinnt bealaí ag Coláiste Ghobnait le haitheantas a thabhairt don mhéid a bhíonn bainte amach ag ár ndaltaí agus tuigeann an Choláiste freisin an tábhacht a bhaineann leis seo d'fhorbairt thréadach na ndaltaí. Áirítear i mbronnadh na nDuaiseanna gradaim i leith freastal, gnóthachan spóirt agus ionchur i dtimpeallacht na scoile.

Soláthar Tréadach Eile: Tacaíonn an scoil freisin lenár ndaltaí trí roinnt tionscnamh eile.

- Aifreann Bliain 6
- Gradaim BOOGR do Dhaltaí
- Obair Charthanachta
- Turas tús na bliana agus deireadh na bliana
- Síniú isteach agus amach
- Club Obair Bhaile
- Polathollán
- Polasaí Ríomhairí
- Polasaí um Chosaint Leanaí
- Polasaí Teagmhais Chriticiúla
- Polasaí Sláinte & Sábháilteachta
- Cód Iompraíochta
- Polasaí Obair Bhaile
- Clár Ionduchtúcháin do Lucht Foirne Nua

Meastóireacht ar an bPolasaí

Déanfar athbhreithniú rialta ar an bpolasaí seo. Aithníonn Coláiste Ghobnait nach mór do na páirtithe leasmhara ar fad páirt a bheith acu in athbhreithniú, i gcur le chéile agus i bhforbairt tréadchúraim inár scoil. Sa bpróiseas athbhreithnithe áireofar comhairle ó:

- Lucht Foirne na Scoile
- Glór na scoláirí
- An Bord Bainistíochta
- Tuismitheoirí/Caomhnóirí
- Gníomhaireachtaí seachtracha nuair a bhíonn gá leis

Na Treoirchomhairleoirí

Tá ról lárnach ag Comhairleoir Gairmthreorach sa scoil. Féachann siad le riachtanais ghairme na ndaltaí ar fad a éascú agus cur ina luí orthu go mbeidh tacaíocht agus comhairle leanúnach ar fáil dóibh. I rith a saoil caitheann daoine cinntí móra a dhéanamh a mbíonn tionchar acu orthu féin agus orthu sin ina dtimpeall. I gcás daltaí sa dara leibhéal bíonn na roghanna seo dírithe ar thrí phríomhréimse:

- Pearsanta agus Sóisialta
- Oideachas
- Gairm

Tugtar cuireadh freisin do thuismitheoirí a bheith páirteach sa bpróiseas treorach in éineacht leis na Comhairleoirí Gairmthreoracha trí chomhairliúchán.

Is sa mbealach seo, cúram d'fholláine iomlán an dalta – go mbíonn treoir agus comhairle ina chuid lárnach den Tréadchúram.

- D'fhéadfadh go dtabharfadh Treoirchomhairleoir faoi deara go dteastódh cúnamh ó dhalta ar leith ó dhaoine cáilithe eile taobh amuigh den scoil agus eagraíonn an cúnamh seo bunaithe ar ghnásanna aontaithe leis an scoil, leis na tuismitheoirí agus gníomhaireachta seachtracha.
- Déantar moltaí faoi ghníomhaireachtaí a d'fheilfeadh. B'fhéidir go n-iarrfaí ar na tuismitheoirí dul i dteagmháil lena ndochtúir teaghlaigh leis an dalta a chur chuig gníomhaireacht chuí. Nuair a dhéantar atreorú, réitítear doiciméad atreorúcháin sonraithe agus seoltar chuig an ngníomhaireacht chuí é. Oibríonn an Treoirchomhairleoir leis an ngníomhaireacht sheachtrach chuí agus cuireann tacaíocht ionscoile ar fáil ina dhiaidh sin don dalta.

AGUISÍN 1

Foirne Tacaíochta do scoláirí Iar-bhunscoileanna

https://www.foras.ie/wp-content/uploads/2021/11/40693_22d377758ed94966b9559004c7069d19.pdf

AGUISÍN 2

Ról an Mhúinteora Bliana

- Bheith mar dhuine teangmhála don bhliain ghrúpa
  - Cumarsáid le tuismitheoirí (glaonna fóin, rphoist srl.)
  - Roinnt eolais leis an bhfoireann agus bainistíocht na scoile maidir leis an mbliain ghrúpa.

Modh dhá chumarsáide le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn agus curám tréadach na scoláirí (cruinniú le déanamh le gach dalta)

- Cruinniú Tuismitheoirí/Múinteoirí – dul chun cinn acadúla agus ginearálta a phlé le gach tuismitheoir.

Monatóireacht acadúla

- Spriocanna a leagan amach do scrúduithe Seachtain 10, 20 agus 30.
- Ansin, athbhreithniú ar na torthaí agus ansin gníomhú mar is gá.
- Staidéar a dhéanamh ar thuairscí Tyro
- Nasc leis an gcomhordaitheoir R.S. – pleanáil de réir mar is gá.
- Nasc leis an gCoiste Tréadach

Tinreamh (Polasaí tinrimh).

- Monatóireacht ar an tinrimh – scoláire as láthair ar feadh cúpla lá (féach polasaí) – glaoch abhaile.

Dialann Scoile

- Seiceáil ar a laghad gach dara seachtain agus le síniú ag an múinteoir ranga.

Ionduchtú tús na bliana (Féach lth eolais maidir leis an ionduchtú)

Lockers le seiceáil uair gach téarma

Leabhar Liosta

- Leabhar Liosta le cur le chéile roimh thús Bealtaine agus le seoladh ar aghaidh chuig Rúnaí na Scoile.

Eachtaí/Cómortais

- Eolas le seoladh chuig Áine/Bríd/Diane maidir le comórtais agus srl atá scoláirí páirteach ann i saol na scoile agus taobh amuigh do shaol na scoile.

Cód Iompar na Scoile

- An Cód a chur i bhfeidhm

AGUISÍN 3

Curamaí/Dualgaisí an Mheantóir

1. Bíodh meas agat ar rialacha agus polasaithe na scoile agus rialacha na scoile a chomhlíonadh an t-am ar fad.
2. Labhair Gaeilge le gach duine agus treoraigh iad ar an mbealach ceart.
3. Tabhair cabhair do na daoine atá ag foghlaimGaeilge.
4. Bíodh éide scoile á chaitheamh agat an t-am ar fad.
5. A bheith in am don scoil, imeachtaí scoile agus cruinnithe
6. Bí dearfach, díograseach agus spreag na daltaí eile.
7. Má tá fadhb ag aon duine i do ghrúpa is féidir leat labhairt le Múinteoir/Príomhoide/ Príomhoide Táinisteach - NÁ TÓG AN FHADHB ORT FÉIN.
8. A bheith comhoibreach, cabhrach, béasach, iontaofa agus freagrach.
9. Féach ar bhealaí chun tú féin a chur chun cinn.
10. Spiorad dearfach a chruthú timpeall na scoile.
11. Taispeáin tréithe cheannaireacht: muinín, rud a dhéanamh as do stuaim féin, ag réiteach fadhbanna.
12. A bheith toillteannach breis freagrachtaí a thógáil ort féin.
13. Beidh ar na Meantóirí páirt a ghlacadh in imeachtaí scoile agus gníomhaíochtaí scoil nuair a theastaíonn agus cabhair a thabhairt.
14. Beidh na Meantóirí mar ambasadóirí don scoil agus ag feidhmiú ar son na scoile.
15. Beidh na Meantóirí mar shúile breise ag am sos/lón agus mí-iompar tromchúisach a thuairisciú do fhoireann na scoile.
16. Beidh na Meantóirí mar chairde acu siúd a theastaíonn tacaíocht uathu.

Seo samplaí do na cinnealacha rudaí gur féidir le meantóir a dhéanamh. Má tá aon smaointe agat féin gur mhaith leat a fheiceáil sa scoil chun tú féin/daltaí scoile a chur chun cinn tá bainistíocht na scoile oscailte dó sin ach ceist a chur ar dtús ar an bPríomhoide/Príomhoide Táinisteach. Beidh teastas le fáil ag deireadh na bliana freisin dóibh siúd a ghlacann páirt anseo.

Siniú an Mheantóir: .....

Siniú an Tuismitheoir: .....